COMISIÚN NA gCOMHPHOBAL EORPACH

An Bhruiséil 23.11.2009
COIM(2009)642 leagan deireanach

2008/0221 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN**
**CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**de bhun an dara fomhír d'Airteagal 251(2) de Chonradh CE**

**a bhaineann le**

**comhsheasamh na Comhairle ar thogra leasaithe a ghlacadh le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le lipéadú bonn i leith éifeachtúlachta breosla agus bunpharaiméadar eile**

GA GA

2008/0221 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN**
**CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**de bhun an dara fomhír d'Airteagal 251(2) de Chonradh CE**

**a bhaineann le**

**comhsheasamh na Comhairle ar thogra leasaithe a ghlacadh le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le lipéadú bonn i leith éifeachtúlachta breosla agus bunpharaiméadar eile**

## 1. CÚLRA

| | |
|---|---|
| An dáta ar seoladh an togra chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle<br>(COIM(2008) 779 leagan deireanach – 2008/0221 COD): | 13 Samhain 2008 |
| An dáta ar tugadh an tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa: | 24 Márta 2009 |
| An dáta ar tugadh an tuairim ó Pharlaimint na hEorpa, an chéad léamh: | 22 Aibreán 2009 |
| An dáta ar seoladh an togra leasaithe | 1 Iúil 2009 |
| COIM(2009) 348): | |
| An dáta ar glacadh an comhsheasamh (d'aontoil): | 20 Samhain 2009 |

## 2. CUSPÓIR AN TOGRA ÓN gCOIMISIÚN

Is é is cuspóir don togra seo claochlú an mhargaidh a chur chun cinn i dtreo bonn atá éifeachtúil ó thaobh breosla de, mar aon le boinn atá níos sábháilte agus níos ciúine. Tá an tionscnamh seo ag teacht leis an straitéis athbhreithnithe ón gCoimisiún maidir le hastaíochtaí $CO_2$ ó ghluaisteáin phaisinéirí agus ó fheithiclí tráchtála éadroma[1] (lena socraítear sprioc $CO_2$ a bhainfear amach trí astaíochtaí ó ghluaisteáin a laghdú, lena n-áirítear boinn atá éifeachtúil ó thaobh breosla de a chur chun cinn).

Ó tharla go bhfuil sé dírithe ar an éileamh, comhlánóidh an togra maidir le lipéadú bonn an reachtaíocht chineálcheadaithe maidir le bonn, ar reachtaíocht í lena ndírítear ar sholáthar trí bhíthin íoscheanglas. Ráthófar leibhéal caighdeánach cáilíochta do bhoinn leis na híoscheanglais lena rialaítear friotaíocht rollach, fliuchghreim, torann seachtrach rollta agus atá ceaptha teacht in éifeacht faoin 1 Samhain 2012 i Rialachán (CE) Uimh. 661/2009[2] maidir

1 COIM(2007) 19.
2 IO L 200, 31.7.2009, lch. 1.

le sábháilteacht ghinearálta mótarfheithiclí, fad a spreagfar feabhsuithe breise thar na leibhéil sin leis an scéim um lipéadú bonn.

## 3. BARÚLACHA MAIDIR LEIS AN gCOMHSHEASAMH

### 3.1. Barúlacha ginearálta maidir leis an gComhsheasamh

Tá téacs an Chomhsheasaimh arna chaibidil, go substaintiúil agus den chuid is mó, i gcomhréir le togra an Choimisiúin agus is féidir tacaíocht a thabhairt dó dá réir.

### 3.2. Comhaontú ag céim an Chomhsheasaimh

Tá an Comhsheasamh arna chaibidil ann de thoradh caibidlíochta idir-institiúidí; comhaontaíodh é ag an idirphlé trípháirteach deireanach an 1 Deireadh Fómhair 2009.

An 14 Deireadh Fómhair 2009, dhearbhaigh cathaoirleach an Choiste ITRE, an tUasal Herbert Reul, comhaontú na Parlaiminte leis an téacs a chomhaontaigh Coreper an 7 Deireadh Fómhair 2009 agus leis an Dearbhú ón gCoimisiún (féach thíos). Glacadh an Comhsheasamh arna chaibidil go foirmiúil ag an gComhairle um Thalmhaíocht agus um Iascach an 20 Samhain 2009.

Is iad seo a leanas na príomhábhar caibidlíochta ar thángthas ar chomhaontú ina leith (de réir a n-oird sa togra):

- *Leagan amach an togra:* Tá an togra athraithe ó Threoir go Rialachán arna iarraidh sin ag an bParlaimint.
- *Ceanglais fógraíochta* (Airteagal 3(4) agus aithris 17): Tá friotal nua curtha ar an sainmhíniú ar ábhar teicniúil bolscaireachta lena shoiléiriú nach mbaineann sé le fógraíocht sna meáin chumarsáide go ginearálta.
- *An lipéad a thaispeáint* (Airteagal 4): Tá solúbthacht tugtha isteach maidir leis an lipéad a thaispeáint. Cé gur mhol an Coimisiún go dtaispeánfaí an lipéad go héigeantach ag an díolphointe trí bhíthin greamáin ar gach bonn, foráiltear sa leasú ón gComhairle agus ón bParlaimint arna chaibidil go bhféadfar an lipéad a thaispeáint trí bhíthin greamáin ar gach bonn mar a mhol an Coimisiún nó go bhféadfar é a dháileadh mar aon chóip phriontáilte amháin in aghaidh gach baisce, ar baisc í a mbeidh bonn comhionann amháin nó níos mó ná sin inti, arna seachadadh ag an díolphointe; sa chás sin, iarrtar in Airteagal 5 go dtaispeánfadh na dáileoirí an lipéad priontáilte do na húsáideoirí deiridh sula ndíolfar an bonn nó na boinn ag an díolphointe.
- *Na freagrachtaí a bheidh ar sholáthróirí feithiclí* (Airteagal 6): Tá deireadh curtha leis an oibleagáid ar tháirgeoirí feithiclí aicmiú na mbonn atá feistithe ar fheithiclí nua a thaispeáint. Bainfidh an ceanglas faisnéise, faoin gcomhaontú, leis na boinn sin a thairgtear mar rogha d'úsáideoirí deiridh, agus leis na boinn sin amháin.
- *Faireachas margaidh* (Airteagal 12): Tá tagairt do Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 maidir le faireachas margaidh tugtha isteach in Airteagal 12 mar a moladh i dtogra leasaithe an Choimisiúin mar fhreagairt ar iarraidh na Parlaiminte ar rialacha treisithe maidir le faireachas margaidh.

- *Clásal athbhreithnithe* (Airteagal 14): Tá an clásal athbhreithnithe giorraithe ó 5 bliana sa togra bunaidh go 40 mí d'fhonn éifeachtacht agus sofheictheacht an chórais lipéadaithe a mheas, go háirithe maidir le hAirteagal 4 agus Airteagal 5 atá leasaithe.

- *Foráil idirthréimhseach* (Airteagal 15): Chomhaontaigh an Pharlaimint agus an Chomhairle boinn a tháirgfear roimh Iúil 2012 a dhíolmhú ó cheanglais lipéadaithe.

- *Boinn ar beag torann a dhéanann siad a chur chun cinn* (Iarscríbhinn II): Tá aicmiú an torainn sheachtraigh rollta curtha ar an lipéad d'fhonn a éascú go n-aithneofar boinn ar beag torann a dhéanann siad, sa bhreis ar luach tomhaiste an torainn sheachtraigh rollta a thaispeáint i ndeicibeilí.

- *Láithreán gréasáin d'fhaisnéis lipéadaithe bonn agus áireamhán comhchuibhithe coigilte breosla*. D'fhonn comhaontú a éascú idir na hinstitiúidí, thoiligh an Coimisiún an dearbhú a leanas a dhéanamh ag seisiún iomlánach na Parlaiminte roimh ghlacadh deireanach an togra le haghaidh Rialacháin:

  *"Tacaíonn an Coimisiún le húsáid ionstraimí Comhphobail amhail an Clár Eorpach um Stuamacht Fuinnimh chun rannchuidiú le tionscnaimh a ardaíonn feasacht úsáideoirí deiridh i leith na mbuntáistí a bhaineann le lipéadú bonn.*

  *Faoi Mhí an Mheithimh 2012, déanfaidh an Coimisiún faisnéis, a mhíneoidh gach cuid ar leith den lipéad boinn, agus áireamhán comhchuibhithe coigilte breosla a chur ar fáil ar a láithreán gréasáin, ec.europa, go háirithe d'eagraíochtaí tomhaltóirí agus monaróirí bonn."*

## 4. CONCLÚID

Comhlíonann an Comhsheasamh aidhmeanna thogra tosaigh an Choimisiúin. Dá bhrí sin, tacaíonn an Coimisiún leis an téacs.